Seachtain na Matamaitice

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi Sheachtain na Matamaitice. Sula bhféachann tú ar an tuairisc pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa:

An bhfuil dúil agat féin sa Mhatamaitic?
An bhfuil buachaillí níos fearr ná cailíní ag an Matamaitic?

Ceist 2 Anois féach ar an tuairisc cúpla uair agus déan iarracht an leagan Gaeilge de na focail seo thíos a aimsiú inti. Ansin, cuir do chuid freagraí i gcomparáid le cinn an duine in aice leat.

An bhfuil mórán díobh ar eolas agat sula bhféachann tú ar an tuairisc?

1. focussed on _____
2. event _____
3. nearly _____
4. registered _____
5. decimals _____
6. percentages _____
7. to nurture interest _____
8. to raise interest _____
9. to celebrate _____
10. to commemorate _____
11. working together _____
12. 50 institutions _____

Ceist 3 Anois féach ar an tuairisc arís agus déan iarracht freagraí na gceisteanna seo a aimsiú. Pléigh na freagraí leis an duine in aice leat.

1. Cé mhéad bliain atá seachtain na Matamaitice ar siúl anois?

2. Cé mhéad duine atá ag glacadh páirte i mbliana agus cé mhéad imeacht atá eagraithe?

3. Cad a deir Jacintha Ní Bhriain faoin tseachtain?

4. Cé hé Sir William Rowen Hamilton agus cad atá eagraithe lena chomóradh?

5. Cén aidhm atá ag Seachtain na Matamaitice?

6. An féidir le haon duine imeacht a eagrú? Conas?

Ceist 4 '…spéis a *chothú*...'

Cén ghné den ghramadach atá i gceist leis an bhfocal i gcló iodálach thuas? Pléigh leis an duine in aice leat é. Mura bhfuil sibh cinnte cabhróidh an teagascóir libh.

Ceangail na hainmfhocail ar chlé leis an ainm briathartha is oiriúnaí ar dheis.

1	an fhadhb	a	a fhreagairt
2	an rún	b	a leagan
3	an t-airgead	c	a chaitheamh
4	an deoch	d	a scríobh
5	an liathróid	e	a léamh
6	an síol	f	a sheinm
7	an leabhar	g	a scaoileadh
8	an cheist	h	a leá
9	an aiste	i	a bhualadh
10	an giotár	j	a réiteach
11	an t-im	k	a chur
12	an bord	l	a ól

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11	12

Ceist 5 '…Seachtain na Matamaitice...'

Féach féin agus an duine in aice leat ar an mbosca thíos agus léigí amach na rialacha agus na samplaí, a bhaineann le focail bhaininscneacha, le chéile.

1. An féidir libh aon samplaí eile a thabhairt?
2. Léigí an script agus breacaigí síos aon samplaí eile atá ann sa cholún ar dheis.

Na deirí	**Samplaí**	**Samplaí eile**
-eog / -óg	bileog seamróg	
-lann	otharlann	
Dhá shiolla + -íocht / -aíocht	litríocht dornálaíocht	
Dhá shiolla + -eacht / -acht	gluaiseacht iarracht	
Focail a chríochnaíonn le consan caol	sráid céim tiomáint cúirt	

Ceist 6 Déan féin agus an duine in aice leat liosta de na huaireanta a úsáidtear an Mhatamaitic sa saol laethúil.

Treoracha agus Freagraí
Ceist 1
Tá an plé seo le déanamh sula seinntear an tuairisc.

Ceist 2

Is féidir iarraidh ar na mic léinn triail a bhaint as na focail ar dtús sula bhfeiceann siad an tuairisc agus ansin arís agus an tuairisc ar siúl.

1. focussed on	*dírithe ar*
2. event	*imeacht*
3. nearly	*nach mór*
4. registered	*cláraithe*
5. decimals	*deachúlacha*
6. percentages	*céatadáin*
7. to nurture interest	*spéis a chothú*
8. to raise interest	*spéis a mhúscailt*
9. to celebrate	*a cheiliúradh*
10. to commemorate	*a chomóradh*
11. working together	*ag comhoibriú*
12. 50 institutions	*leathchéad institiúid*

Ceist 3
1. Ocht mbliana.
2. Tá céad is a caoga míle duine ag glacadh páirte, in dhá chéad imeacht ar fud na tíre.
3. Deir sí go mbeidh béim ar ghnéithe áirithe den Mhatamaitic, ar nós deachúlacha agus céatadáin. Ba cheart go gcothódh agus go músclódh an tseachtain spéis na ndaltaí sa Mhatamaitic, agus go léireodh sí go bhfuil an Mhatamaitic mar chuid lárnach den saol laethúil.
4. Ba mhatamaiticeoir mór le rá é agus tá siúlóid eagraithe in aice leis an gCanáil Ríoga lena chomóradh.
5. Íomhá dhearfach a thabhairt den Mhatamaitic, agus suim an phobail a spreagadh ó thaobh na Matamaitice, go háirithe i measc daltaí scoile.
6. Is féidir, ach dul ar an suíomh www.mathsweek.ie.

Ceist 4
An t-ainm briathartha

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11	12
j	g	c	l	i	k	e	a	d	f	h	b

Ceist 5

Na deirí	Samplaí	Sampla eile
-eog / -óg	bileog seamróg	fuinneog bábóg
-lann	otharlann bialann	dánlann leabharlann
Dhá shiolla + -íocht / -aíocht	litríocht dornálaíocht	eagraíocht filíocht
Dhá shiolla + -eacht / -acht	gluaiseacht iarracht	siopadóireacht tábhacht
Focail a chríochnaíonn le consan caol	sráid céim tiomáint cúirt	Seachtain, spéis, aidhm, matamaitic, áit, tír, canáil, institiúid, páirt, siúlóid, scoil, Céadaoin, suim, cathair, príomhchúis, bliain

Íomhá: Is focal baininscneach é ach ní bhaineann sé le haon cheann de na patrúin choitianta thuas mar go gcríochnaíonn sé ar ghuta. Is féidir le focail a chríochnaíonn ar ghuta a bheith firinscneach nó baininscneach, agus bíonn sé deacair a bheith cinnte fúthu gan an foclóir a cheadú.

Pléigh aon samplaí eile atá ag an rang.

Ceist 6
Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola
Tá seachtain na Matamaitice 2013 ar siúl faoi láthair i mbeagnach 200 láthair ar fud na tíre. Seo é an t-ochtú bliain seachtain a bheith dírithe ar an Matamaitic amháin.

Barraí Mescall
Beidh breis is 150 míle duine ag glacadh páirte i mbreis is 200 imeacht le linn sheachtain na Matamaitice 2013, atá ar siúl faoi láthair. Cheana féin tá nach mór 90 míle dalta scoile cláraithe d'imeachtaí éagsúla. Scoil amháin atá ag baint suilt as ná Scoil Mhuire gan Smál na gCailíní ar an nGlaisín i gCathair Chorcaí

Jacintha Ní Bhriain, múinteoir
Beidh muid ag caint faoi, arís, deachúlacha, céatadáin, déanfaidh muid suirbhéanna agus rudaí mar sin. *So*, rudaí praiticiúla. Agus, tá muid ag caint arís faoi spéis a chothú agus a mhúscailt, agus ag taispeáint do na páistí…tá Matamaitic timpeall na háite, *not* istigh sa rang, ní hamháin istigh sa rang…tá sí timpeall na háite.

Barraí Mescall
Agus ar an gCanáil Ríoga i rith na seachtaine beidh an Matamaiticeoir Sir William Rowen Hamilton á cheiliúradh.

An Dr. Fiachre Ó Cairbre
Beidh siúlóid ar siúl agus againn an Chéadaoin seo chugainn chun comóradh a dhéanamh ar Hamilton. Agus, is é an t-ochtú bliain le seachtain Matamaitice, agus an phríomhchúis ná chun suim a spreagadh i measc an phobail agus na ndaltaí[1] go speisialta.

Barraí Mescall
Is í an aidhm atá ag Seachtain na Matamaitice 2013 ná chun íomhá dhearfach[2] a thabhairt do chúrsaí matamaitice Thuaidh agus Theas. Lena linn, beidh comhoibriú idir leathchéad institiúid, grúpa agus eagraíocht chun suim an phobail a mhúscailt san ábhar, go háirithe i measc daltaí scoile. Is é seo an t-ochtú bliain do sheachtain na Matamaitice agus tá an lucht eagraithe sásta go maith léi go dtí seo. Leanfaidh sí ar aghaidh go dtí deireadh na seachtaine. Ach más suim leatsa imeacht ar bith a eagrú ar fud na tíre ní gá ach teagmháil a dhéanamh le www.mathsweek.ie.

Barraí Mescall, Nuacht TG4, Corcaigh.